


An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí



Scan anseo
chun tuilleadh a
fhoghlaim!



AICMÍ DÁMHACHTAINÍ

Mórdámhachtainí: is iad na dámhachtainí seo, atá tugtha sna fáinní lasmuigh, an phríomhaicme dámhachtainí a dhéantar ar leibhéal ar bith

- ▲ **Miondámhachtainí:** bronntar iad seo as toradh le haghaidh Mórdámhachtana a bhaint amach go páirteach
- **Dámhachtainí Forlíontacha:** bronntar iad seo as foghlaim atá sa bhreis ar Mhórdámhachtainí
- ◆ **Dámhachtainí Sainchuspóra:** bronntar iad as foghlaim réasúnta cúng nó as foghlaim sainchuspóra
- **Dámhachtainí Gairmiúla:** bronntar iad mar cháilíochtaí gairmiúla, printiseachtaí ina measc

*Teigh chuig suíomh gréasáin [NCCA, \[ncca.ie/ga/an-tsraith-shoisearach/\]\(https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shoisearach/\)](https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shoisearach/)

CLÁR CÁILÍOCHTAÍ na hÉIREANN

Gheofar tuilleadh eolais ar

- Cáilíochtaí
- Soláthraithe
- Cúrsaí

ag www.irq.ie

DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS CÁILÍOCHTA ÉIREANN (QQI)

Is gníomhaireacht neamhspleách stáit é an QQI agus é freagrach as cáilíocht agus cuntasacht i gcúrsaí oideachais agus oiliúna in Éirinn a chur chun cinn. Is foras cáiliúcháin é an QQI, leis, agus tá cúram air as Creat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann a chur chun cinn, a chothabháil agus a fhorbairt.



AN CREAT NÁISIÚNTA CÁILÍOCHTAÍ (CNC)

In 2003 a bunaíodh an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí 10 leibhéal. Déantar cáilíochtaí a eagrú laistigh den Chreat bunaithe ar a leibhéal eolais, scile agus inniúlachta. Tá an CNC nasctha leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF) agus le Creat Bologna. Aithnítear cáilíochtaí an CNC go hidirnáisiúnta.



DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

Tá cáilíocht gach cáilíochta atá sa CNC dearbhaithe ag forais cháiliúcháin aitheanta. Ina measc sin tá cáilíochtaí a bhronnann an Roinn Oideachais, ollscoileanna, ollscoileanna teicneolaíochta, institiúidí teicneolaíochta agus an QQI.



MICRIDHINTIÚIR

Is slí iad micridhintiúir chun aitheantas a thabhairt do mhéideanna beaga foghlama i réimse topaice ar leith. Léiríonn micridhintiúir go bhfuil sraith scileanna ar leith sealbhaithe ag foghlaimeoir. Mar shampla: Dámhachtainí Sainchuspóra agus Dámhachtainí Forlíontacha.

Clár Cáilíochtaí na hÉireann

CLÁR CÁILÍOCHTAÍ na hÉIREANN

In 2020 a seoladh Clár Cáilíochtaí na hÉireann. Is é seo an clár náisiúnta de na cáilíochtaí uile atá in CNC na hÉireann agus is é an QQI a bhainistíonn é. Gheofar sa Chlár eolas faoi sholáthraithe, a gcuid clár agus cáilíochtaí lena n-áirítear leibhéal den CNC agus den EQF.